

# Oidhreacht sna Scoileanna

## Speisialtóirí Nua

**Tá an Chomhairle Oidhreachta ag fáiltiú roimh 49 Speisialtóir Oidhreachta nua chuig an bpainéal Oidhreacht sna Scoileanna don chéad téarma ceithre bliana eile (2024-2027).**

Beidh na painéalaithe nua, lena n-áirítear 9 gcainteoir líofa Gaeilge, ag obair leis na painéalaithe atá i mbun oibre cheana féin chun painéal de thart ar 150 gairmí ardoilte a chruthú, daoine atá in ann cur síos a dhéanamh ar raon leathan topaicí.

I measc na dtopaicí nua atá curtha leis an scéim tá oidhreacht mhuirí; olann agus snáithíní; muilleoireacht agus ullmhúchán bia stairiúil; stair agus cultúr Ghiúdach Chorcaí; oidhreacht trí LEGO; gaibhneacht dhubh agus neart eile!

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

# CONTAE AN CHLÁIR

## Oisín Ó Cualáin

Líofa sa Ghaeilge



### Sainréimse: Cultúrtha

I rith cheardlanna Oisín tugtar na háiteanna mórthimpeall orainn, cleachtais na seanlaethanta agus ár n-ealaíona traidisiúnta chun beochta trí mheán an cheoil! Tabharfar deis do pháistí léarscáileanna a tharraingt, a bheith ag rapáil, ag canadh agus ag damhsa, trí Ghaeilge agus trí Bhéarla, chun ár n-oidhreacht a shamhlú agus a scrúdú.

## Claire Kelly



### Sainréimse: Nádúrtha

Tarraingeoidh Claire aird na bpáistí ar an aigéan agus ar na míolta móra agus ar na deilfeanna atá ina gcónaí ann, foghlaimeoidh siad faoina gcreachspeicis thábhachtacha, faoin mbradán Atlantach agus éifeachtaí an aigéadaithe aigéin ar chrústaigh.

# CONTAE CHORCAÍ

## Anne Bradley

Líofa sa Ghaeilge



### Sainréimsí: Tógtha / Nádúrtha / Cultúrtha

Is múinteoir bunscoile a bhfuil neart taithí aici í Anne agus tá spéis ar leith aici sa gheolaíocht, seandálaíocht, stair, oidhreacht agus sa timpeallacht. Is féidir léi cuairteanna a eagrú ina gcuimsítear turais allamuigh chuig suíomhanna áitiúla a mbaineann tábhacht gheolaíoch, sheandálaíoch, stairiúil nó chomhshaoil seo.

## ER Murray (Elizabeth O'Callaghan)



### Sainréimse: Nádúrtha / Cultúrtha

Scríbhneoir duaisbhuaiteach de leabhair do pháistí a bhíonn suite in Éirinn í Elizabeth O'Callaghan (ER Murray) agus tá spéis ar leith aici i nasc a chruthú lenár dtírdhreach áitiúil agus oidhreacht na hÉireann a thabhairt chun beochta.

## Ann Marie Fitzgerald



### Sainréimse: Tógtha / Nádúrtha

Tá 25 bliain caite ag Ann Marie ag obair mar oideoir i mbunscoileanna agus tá spéis ar leith aici in oidhreacht thógtha agus nádúrtha na hÉireann. Sna ceardlanna a reáchtálann Ann Marie tugtar deis do mhic léinn díriú ar na topaicí seo trí úsáid a bhaint as raon eispéireas idirghníomhach, praiticiúil nach ndéanfaidh na mic léinn dearmad orthu go ceann i bhfad i ndiaidh chuairt Ann Marie.


## Anthony Galvin



### Sainréimse: Tógtha / Cultúrtha

Sa Tóir ar an bPrionsa Deiridh – scrúdaigh oidhreacht Dhomhnall Cam Ó Súileabháin Bhéara agus a mháirseáil chróga chun a lucht leanúna a shábháil i ndiaidh an lámh in uachtar a bheith faighte air ag Cath Chionn tSáile, i dteannta leis an údar duaisbhuaiteach agus scéalaí nádúrtha Anthony Galvin.

## Shazia Waheed



### Sainréimse: Nádúrtha

Eagraíonn Shazia ceardlanna spraíúla agus idirghníomhacha a bhfuil sé mar aidhm leo an bhithéagsúlacht a scrúdú – céard a chiallaíonn 'bithéagsúlacht', cén tábhacht a bhaineann léi agus conas is féidir linn í a chosaint.

Is cuma más ag scrúdú na timpeallachta nó an tsaoil mhuirí ar leac an dorais atá tú nó i gcoillte agus gairdíní taobh leat, tabharfaidh Shazia an dúlra chun beochta sa seomra ranga nó b'fhéidir go n-éireodh léi páistí a thabhairt amach faoin aer ionas gur féidir leo a mbithéagsúlacht áitiúil a scrúdú.

## Ruti Lachs



### Sainréimse: Cultúrtha

Is ceoltóir, scríbhneoir, múinteoir ceoil agus bainisteoir imeachtaí í Ruti a bhfuil taighde, léiriú agus láithriú déanta aici ar dhá ghearrchlár faisnéise faoi stair agus cultúr Giúdach Chorcaí - 'Cork Jewish Culture Virtual Walk' ar bronnadh gradam Sheachtain Náisiúnta na hOidhreachta air in 2020, agus 'Memories of a Cork Jewish Childhood', in 2021. Tabharfar deis do mhic léinn scrúdú a dhéanamh ar stair agus cultúr an phobail Ghiúdaigh i gCorcaigh, i dteannta le Ruti, trí cheol, amhrán agus turais siúil.

## Conor Ó Buachalla




**Sainréimse: Cultúrtha**

Labhróidh Conor leis na páistí faoi shaol draíochtúil bhéaloideas agus logainmneacha na hÉireann, agus tabharfaidh sé léargas dóibh ar an saibhreas scéalta ina ndéantar cur síos ar thírdhreach na hÉireann.

# CONTAE DHÚN NA nGALL

## Catherine McCann (The Sea Collective)



**Sainréimse: Nádúrtha**

Tá breis is 20 bliain caite ag Cat agus David McCann ag obair ar chláir thaighde, eolaíochta saoránach agus for-rochtana, agus is breá leo eolas maidir le téamaí agus coincheapa aigéin a roinnt le cineálacha éagsúla spriocphobal – páistí scoile go háirithe. Tá siad ag cabhrú, ar bhealach nach beag, le daoine eile a spreagadh chun spéis a léiriú in agus níos mó a fhoghlaim faoin mbithéagsúlacht mhuirí dhochreidte atá ar fáil ar leac an dorais.

## David McCann (The Sea Collective)



**Sainréimse: Nádúrtha**

Tá breis is 20 bliain caite ag Cat agus David McCann ag obair ar chláir thaighde, eolaíochta saoránach agus for-rochtana, agus is breá leo eolas maidir le téamaí agus coincheapa aigéin a roinnt le cineálacha éagsúla spriocphobal – páistí scoile go háirithe. Tá siad ag cabhrú, ar bhealach nach beag, le daoine eile a spreagadh chun spéis a léiriú in agus níos mó a fhoghlaim faoin mbithéagsúlacht mhuirí dhochreidte atá ar fáil ar leac an dorais.

# CONTAE DHÚN NA nGALL & CONTAE NA MÍ

## Angela Byrne



**Sainréimse: Tógtha / Cultúrtha**

Tá spéis ar leith ag Angela i gcúrsaí staire a thabhairt chun beochta i súile páistí, trí dhíriú ar an saol laethúil agus ar scéalta áitiúla. Is seisiúin bheoite iad seo ina mbaintear úsáid as foinsí amhairc agus as cur chuige idirghníomhach chun cabhrú le páistí a dtuairimí féin agus a scileanna féin mar Staraithe óga a fhorbairt.

# CONTAE BHAILE ÁTHA CLIATH

## Francesca Cadeddu

### Sainréimse: Tógtha

Téigh siar chuig na seanlaethanta i dteannta le Francesca agus foghlaim faoi stair agus seandálaíocht na hÉireann trí cheardaíocht, láithreoireachtaí spraíúla agus idirghníomhacha, agus cur chuige praiticiúil chun an stair a thabhairt chun beochta in intinn páistí i ngach rang.



## Clare Hamilton

Líofa sa Ghaeilge

### Sainréimse: Nádúrtha

Tá Clare ag iarraidh spéis páistí sa dúlra a mhúscailt arís agus iad a chumhachtú trí eolas agus uirlisí a roinnt leo ionas go mbeidh siad in ann déileáil le himní faoi chúrsaí aeráide trí ghníomhartha dearfacha!

Dírigh ar an zú DÁIRÍRE de neacha iontacha atá ina gcónaí mórthimpeall orainn – inár mbláthanna, crainn agus sruthanna agus ar an tslí a mbraitheann siad ar a chéile!



## Dee Hurley

### Sainréimse: Nádúrtha


Is ceannaire Scoil Foraoise í Dee agus múinteoir bunscoile a bhfuil spéis ar leith aici i ngníomhaíocht allamuigh agus foghlaim bunaithe ar an dúlra. Mar chuid de cheardlanna Scoil Foraoise eagraítear cluichí, ealaín dúlra, ceardaíocht toir, tógáil pluaiseanna, spraoi agus scrúdú, agus tugtar deis do na páistí nascadh lena chéile agus leis an dúlra i rith na séasúr.



## Ross Wareham

### Sainréimse: Nádúrtha

Tá neart taithí ag Ross ar sheisiúin Scoil Foraoise, sealgaireachta agus ceardaíochta toir a eagrú do pháistí bunscoile. Labhraíonn sé leis na páistí faoi chaomhnú coillearnaí agus cur crann dúchasach agus tacaíonn sé le nasc a chruthú leis an dúlra trí spraoi agus scrúdú praiticiúil.



## Kornelia Barthel

### Sainréimse: Tógtha

Tá suim ag Kornelia sa stair ó bhí sí an-óg agus tá spéis ar leith aici in Oidhreacht na hÉireann agus tá neart oibre déanta aici le Scoil Seandálaíochta na hÉireann. Tá sí ag súil go mór leis an deis a thapú chun seans a thabhairt do na páistí a bheith ag foghlaim trí obair phraiticiúil agus trí cheardlanna nuálacha cosúil le 'The Big Dig' .



## Réaltán Ní Leannáin

Líofa sa Ghaeilge

### Sainréimse: Tógtha / Cultúrtha

Is scríbhneoir í Réaltán a bhfuil neart blianta caite aici ag obair sa seomra ranga. Éiríonn léi scéalta, amhráin, béaloideas agus an timpeallacht thógtha a chur san áireamh sna ceardlanna idirghníomhacha seo, agus leagtar béim ar eispéiris na bpáistí agus forbraítear eispéiris ar bhealach cruthaitheach. Trí Ghaeilge nó trí Bhéarla, de réir mar a oireann.



## Mick Corcoran

### Sainréimse: Tógtha

I rith chuairteanna Mick, foghlaimeoidh rannpháirtithe ní hamháin faoina n-oidhreacht áitiúil agus náisiúnta, ach freisin faoi na huirlisí (fisiciúla agus meabhracha) a chabhróidh leo amach anseo chun oidhreacht a thuiscint cibé áit a mbíonn siad ag triall. Foghlaimeoidh siad conas oibriú mar Bhleachtairí Oidhreachta agus scrúdú a dhéanamh ar a n-oidhreacht áitiúil agus náisiúnta trí dhíriú ar na scéalta folaithe faoin tseandálaíocht, timpeallacht nádúrtha agus na daoine a mhúnlaíonn í!



## Joan Power

### Sainréimse: Nádúrtha

Baineann Joan tairbhe as a cáilíochtaí gairneoireachta, spéis agus saineolas mar chuid de chur chuige praiticiúil chun eolas maidir leis an oidhreacht nádúrtha a roinnt le páistí scoile.

I rith a cuairte díríonn sí ar an gcaidreamh agus nasc atá ag páistí le plandaí, crainn agus fiadhúlra dúchasach eile a athbhunú.



# CONTAE NA GAILLIMHE

## Siobhán Sloane



### Sainréimse: Nádúrtha

Músclaíonn ceardlanna agus turais allamuigh Shiobhán spéis sa dúlra; gréasán na beatha agus an úsáid thraidisiúnta a bhain ár sinsir as ábhair nádúrtha. Dírítear ar na bealaí spéisiúla a maireann agus a bhfásann plandaí coillearnaí agus portaigh nó i bhfocail eile, dírítear ar theanga rúnda na gcrann. Eagraíonn Siobhán cluichí bunaithe ar an dúlra, seilg scroblachóirí agus gníomhaíochtaí ealaíne agus ceardaíochta Scoil Foraoise.

## Perpetua McNamee

Líofa sa Ghaeilge



### Sainréimse: Nádúrtha

Baineann Perpetua úsáid as teicnící ceisteanna agus freagraí, TF, pictiúir, traidisiúin agus filíocht na hÉireann chun labhairt leis na páistí agus chun a spéis a mhúscailt in, agus cur lena dtuiscint ar an tábhacht a bhaineann le héin fhiáine a chaomhnú ar mhaithe lenár mbithéagsúlacht agus lenár n-oidhreacht.

# CONTAE CHIARRAÍ

## Christopher Barrett



### Sainréimsí: Nádúrtha / Cultúrtha

Is teagascóir, scéalaí agus dearthóir allamuigh oilte é Chris. Baineann sé úsáid as timpeallacht uathúil thírdhreach na hÉireann chun eolas faoin mbithéagsúlacht agus faoin mbéaloideas a roinnt le páistí. Creideann Chris gur féidir an talamh mórthimpeall orainn a úsáid chun foghlaim faoinár n-oidhreacht spéisiúil roinnte.

## Thomas Canavan



### Sainréimse: Nádúrtha

Díreoidh Tom ar éiceolaíocht, aeráid agus ar ár dtuiscint ar an tírdhreach. Díríonn sé ar raon topaicí lena n-áirítear foirmíocht gheolaíoch na hÉireann i bhfad ó shin agus imirce chuig an gcontae a mhúnlaigh na traidisiúin atá mar bhonn le heispéireas an duine in Éirinn sa lá inniu ann. Tá neart taithí ag Tom ar an éiceolaíocht choillearnaí agus bhogaigh agus ar chórais fáis orgánacha in aeráidí nochta Éireannacha.

# CONTAE CHILL DARA

## Sorcha Doyle



### Sainréimse: Nádúrtha

Tá Sorcha ag obair mar Oifigeach Caomhantais agus Oideachais Chomhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann. I rith na gceardlann seo dírítear ar phortaigh na hÉireann trí fhoghlaim ghníomhach agus gníomhaíochtaí praiticiúla sa seomra ranga nó trí chuairt a thabhairt ar phortach áitiúil.

## Vincent Butler



### Sainréimsí: Tógtha / Nádúrtha / Cultúrtha

Tagraítear do neart iontas oidhreachta i rith cheardlann 'Crate of Curiosities' Vincent. Dírítear ar na samplaí agus ar na déantáin ina n-aonar agus taispeántar don rang iad fad is atá scéal spéisiúil á insint faoi gach earra atá roghnaithe go speisialta bunaithe ar a cháilíocht aonair agus gnéithe uathúla.

## Averil White



### Sainréimse: Tógtha

Tá spéis ar leith ag Averil i seandálaíocht na hÉireann agus baineann sí an-sásamh as a cuid eolais a roinnt le páistí.  Thosaigh sí ag obair le Scoil Seandálaíochta na hÉireann i mí Bealtaine 2023 agus i láthair na huaire tá sí ag díriú ar 'The Big Dig' a thabhairt chomh fada le bunscoileanna.

## Jessica Farrell



### Sainréimsí: Tógtha / Nádúrtha / Cultúrtha

Úsáideann Jessica brící  LEGO chun meas ar ár n-oidhreacht a chothú ar bhealach spraíúil agus dinimiciúil. Creideann Jessica go mór i gcoincheap na foghlama trí bheith ag spraoi. Spreagann sí páistí chun rudaí a fhoghlaim faoina dtimpeallacht áitiúil féin trí obair phraiticiúil, plé oscailte agus léiriú cruthaitheach.

# CONTAE CHILL CHAINNIGH

## Johanna Wakeham



### Sainréimse: Nádúrtha

Díríonn Johanna ar ghníomhaíochtaí Scoil Foraoise ina leagtar béim ar oidhreacht, ar thraidisiún agus ar an timpeallacht nádúrtha. Ina cuid ceardlann baintear tairbhe as tionscadail shéasúracha, scileanna traidisiúnta, ealaín agus ceardaíocht ó acmhainní nádúrtha, agus sealgaireacht.

# CONTAE LAOISE

## Fiona Dunne

Líofa sa Ghaeilge



### Sainréimse: Nádúrtha

Is múinteoir í Fiona agus tá taithí na mblianta aici ar a bheith ag obair i scoileanna. Tá sí ag obair ar roinnt tionscadal dúlra ar bhonn deonach, ag Portach Mhainistir Laoise ina measc. Tríd an obair seo d'éirigh léi a bheith ina saineolaí ar phortaigh, an portach ardaithe go háirithe, gnáthóga éagsúla agus luach bithéagsúlachta portach.

# CONTAE LIATROMA

## Helena Golden



### Sainréimse: Cultúrtha

Is ceardaí Éireannach le neart taithí í Helena agus tá spéis ar leith aici sa chaoladóireacht, dúlra, sealgaireacht agus fíodóireacht. Tá blianta fada caite aige ag teagasc cineálacha éagsúla caoladóireachta agus ceardaíochta, agus tarraingíonn sí aird páistí ar cheardaíocht Éireannach, inbhuanaithe agus éiceabhách agus cabhraíonn sí leo nasc a chruthú lena dtimpeallacht nádúrtha féin.

## Dara Timpson



### Sainréimse: Nádúrtha

Tá spéis ar leith ag Dara san éiceolaíocht úruisce agus tá sé ag obair le mic léinn de gach aois le breis is 15 bhliain anuas. Eagraíonn sé ceardlanna uisceacha idirghníomhacha, praiticiúla agus tugtar deis do pháistí scrúdú a dhéanamh ar bhithéagsúlachta a sruthanna, aibhneacha agus lochanna áitiúla.

# CONTAE LUIMNIGH

## Kate Harrold

### Sainréimsí: Tógtha / Nádúrtha / Cultúrtha

Tá Kate ag obair mar bhainisteoir shuíomh oidhreachta Loch Goir i gContae Luimnigh agus díríonn sí ar fheasacht & ar chúram comhshaoil agus tá cáilíochtaí bainte amach aici sa dlí chomhshaoil, stair agus staidéar oidhreachta. Is múinteoir cáilithe í Kate agus roinnfidh sí eolas leis na páistí trí chuir chuige teagaisc atá ceadaithe agus bainfidh sí tairbhe freisin as an taithí atá aici i ndiaidh di breis is 20 bliain a chaitheamh i mbun cleachtais san earnáil oidhreachta.



## Richard Eaton

### Sainréimse: Cultúrtha

Bíonn Richard ag obair mar ghabha dubh agus tabharfaidh sé a cheárta shoghluaiste chomh fada le scoileanna chun earra a bhíodh in úsáid ag daoine i bhfad roimhe seo a dhéanamh. Ag brath ar aois agus airde, b'fhéidir go mbeadh cead ag na páistí cabhrú leis trí na boilgeacha a phumpáil. Tabharfaidh Richard léargas ar theicnící buailte miotail, agus beidh deis ag na páistí bonn a dhearadh agus a chruthú chun tabhairt ar ais chuig an seomra ranga.



# CONTAE MHAIGH EO

## Ellie McEwan

### Sainréimsí: Nádúrtha / Cultúrtha

Na páistí a nascadh leis an dúlra agus leis an oidhreacht chultúrtha trí ghníomhaíochtaí praiticiúla spéisiúla agus spreagúla. Éiríonn le Ellie a spéis agus grá don fhána agus don fhlóra dúchasach a roinnt le páistí de gach aois trí cheardlanna agus cláir Scoil Foraoise, a chuirtear ar fáil i suíomh na scoile agus lasmuigh de shuíomh na scoile.



# CONTAE NA MÍ

## Jesmond Harding

### Sainréimse: Nádúrtha

Foghlaim faoi dhomhan draíochtúil na bhféileacán, na leamhan agus a dtimpeallacht siúd i dteannta le Jesmond. Foghlaim conas is féidir leat cabhrú le féileacáin maireachtáil inár ndomhan athraitheach, agus an chúis a bhfuil siad i mbaol. Foghlaim trí scannáin agus íomhánna, agus trí thaithí dhíreach ar na seoda is gile sa dúlra. Tá bailiúchán mór d'fhéileacáin suite agus de ghrianghraif ag Jesmond de na féileacáin ar fad a bhíonn ar fáil in Éirinn agus de go leor de na leamhain a bhíonn le fáil sa tír seo freisin.



## Lorna McCormack



**Sainréimse: Cultúrtha**

Tá Lorna i mbun ranganna faoi olann i scoileanna ó 2019 agus síleann sí gur gné riachtanach den churaclam bunscoile í a cuid oibre féin, gné a thugann aitheantas don tábhacht a bhaineann le heolas faoi inbhuanaitheacht, acmhainní nádúrtha agus ceirdeanna traidisiúnta a mhúineadh do pháistí. Tá an spéis atá aici in olann tógálach agus éiríonn léi foghlaimeoirí óga a spreagadh chun meas a bheith acu ar luach an ábhair uathúil agus éagsúil seo.

## Lucy Forde



**Sainréimse: Cultúrtha**

Scrúdaíonn Lucy ullmhúchán bia stairiúil trí cheardlanna spéisiúla a bhfuil ábhar machnaimh iontu. Roimhe seo bhí sí ag obair mar bháicéir gairmiúil agus ag eagrú turas ag Muileann Mhartra i gCo. na Mí. Tá céim máistir san iriseoireacht bronnta ar Lucy agus is breá léi iarracht a dhéanamh aird páistí a tharraingt ar an áit óna dtagann a gcuid bia.

# CONTAE ROS COMÁIN

## Daniel Curley



**Sainréimsí: Tógtha / Cultúrtha**

Eagraíonn Daniel cuairteanna scoile ar Ionad Cuairteoirí Ráth Cruachan agus ar Thírdhreach Seandálaíoch Ráth Cruachan, ionas gur féidir le páistí foghlaim faoi sheandálaíocht agus stair na hÉireann, oidhreacht chultúrtha, miotaseolaíocht agus scéalaíocht, béaloideas agus cleachtais feirmeoireachta thraidisiúnta.

# CONTAE THIOBRAID ÁRANN

## Greta Ní Riain

Líofa sa Ghaeilge



**Sainréimsí: Nádúrtha / Cultúrtha**

Is treoraí Scoil Foraoise í Greta mar aon le luibhlia, múinteoir bunscoile, garraíodóir agus ceoltóir agus tá spéis aici sna scileanna seo a roinnt le páistí ar bhealach spéisiúil, gníomhach agus lánbhrí.

## Edwina Newport

**Sainréimsí: Tógtha / Cultúrtha**

Scrúdóidh Edwina coincheap bailte agus an tionchar atá acu ar ómós áite agus pobal a chruthú agus a chothabháil do na cónaitheoirí agus leagann sí béim ar leith ar bhailte Éireannacha níos lú (daonra < 3000), an tslí ar fhorbair siad, patrúin lonnaíochta agus saintréithe.



## Andy O'Rourke

Líofa sa Ghaeilge

**Sainréimse: Tógtha**

Tá 14 bhliain caite ag Andy ag obair mar mhúinteoir bunscoile agus anois bíonn seisiúin Scoil Foraoise á n-eagrú aige ar thailte scoile nó i gcoillearnacha áitiúla. Foghlaim conas pluaiseanna a fhorbairt agus luascáin rópa a dhéanamh, déan muince duit féin nó déan do pheann luaidhe féin ón méid a fhaigheann tú san fhál sceach. Chomh maith leis sin, eagraíonn Andy ceardlanna faoi *stair an tí Éireannaigh - taobh istigh agus taobh amuigh*. Scrúdaigh ár n-oidhreacht thógtha dhúchasach. Foghlaim faoi dhóib, cré, aol agus tuí, maistrigh d'im féin nó bácáil arán.



# CONTAE PHORT LÁIRGE

## Catherine Twomey

Líofa sa Ghaeilge

**Sainréimse: Nádúrtha**

Tá spéis ag Catherine inár gcrainn dhúchasacha, bláthanna fiáine, éin, ainmhithe beaga agus ainmhithe eile nach iad agus a ngnáthóga ó bhí sí an-óg agus tugann sí deis do pháistí taithí a fháil ar iontas agus aoibhneas an dúlra agus a machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas: Céard é bithéagsúlacht? Cén tábhacht a bhaineann le bithéagsúlacht?



## Andrew Doherty

**Sainréimsí: Nádúrtha / Cultúrtha**

Roimhe seo bhí Andrew ag obair mar iascaire tráchtála ach anois bíonn sé i mbun taighde ar agus ag scríobh faoi stair mhuirí agus iascaireachta Oirdheisceart na hÉireann. Eagraíonn sé siúlóidí agus cainteanna agus úsáideann sé prapaí éagsúla chun spéis mac léinn a mhúscailt agus chun léargas a thabhairt ar an bhfarraige, agus ar rúndiamhra na farraige, sa seomra ranga.



## Katriina Bent

### Sainréimse: Nádúrtha



Is éiceolaí gairmiúil í Katriina a bhaineann úsáid as na céadfaí, fiosracht spontáineach agus ceisteanna a chuirtear mar bhealaí chun ceangal a chruthú leis an dúlra arís. Baineann tábhacht le heolas a bhailiú agus le heispéiris mhothúchánacha. Ar mhaithe le nasc a chruthú agus scileanna breathnóireachta a fhorbairt, úsáideann sí foghlaim idirghníomhach agus roinnte chun an leibhéal de litearthacht dúlra a fheabhsú.

# CONTAE NA hIARMHÍ

## Eliya Lavine

### Sainréimse: Nádúrtha



Roinneann Eliya a spéis sa nasc leis an dúlra leis na grúpaí a mbíonn sí ag obair leo. Bunaithe ar chur chuige na Scoile Foraoise, garraíodóireacht orgánach agus feasacht aeráide éiceolaíoch, is dlúthchuid de sheisiúin Eliya é spraoi, cruthaitheacht, gluaiseacht agus amhráin - nithe a tharraingíonn aird ar fhoghlaim ó thaithí trí na lámha, an cloigeann agus an croí.

# CONTAE LOCH GARMAN

## Sheila Forsey

### Sainréimsí: Tógtha / Cultúrtha



Tá spéis ag Sheila i stair na hÉireann agus i rith a gceardlann tabharfar mic léinn ar aistear ar chairpéad draíochta chomh fada le hÉirinn ársa trí lionsa na scéalaíochta. Cruthaíonn sí eispéireas foghlama iomlánaíoch a chothaíonn ardmheas ar oidhreacht, cultúr, dúlra agus ómós áite.

# CONTAE CHILL MHANTÁIN

## Móna McCrea



### Sainréimse: Nádúrtha

Scrúdaigh bithéagsúlacht na bplandaí agus na n-ainmhithe muirí ar do thrá áitiúil trí dhul ar thuras allamuigh spraíúil, praiticiúil le Mona Crea ó SEASHOREKIDS.

## Liz Tiernan



### Sainréimse: Nádúrtha

Is toradh iad na seisiúin chainte & siúil 'Cuir aithne ar ár gcrainn' le Liz ar an spéis atá léirithe aici ó thús a saoil i gcrainn agus is bealach iontach atá ann chun deis a thabhairt do pháistí foghlaim faoi chrainn agus conas nasc a chruthú leo. Is speisialtóir dúlra í Liz agus tá blianta fada caite aige ag obair in earnáil an oideachais bithéagsúlachta.



# Oidhreacht sna Scoileanna

An Chomhairle Oidhreachta, Áras na
hOidhreachta, Lána an Teampaill, Cill Chainnigh,
Éire R95 X264
T +353 56 777 0 777

**www.heritageinschools.ie**

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council